Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Oideachas agus Oiliúint

ACHOIMRE TAIGHDE

ISSN 1366-803X

RB 2/2009

Deireadh Fómhair 2009

SAINRIACHTANAIS OIDEACHAIS PÁISTÍ DÁTHEANGACHA (GAEILGE-BÉARLA)

PRÍOMHCHINNTE

- Tá sé taifeadta go bhfuil sainriachtanais oideachais (SRO) ag17% de dhaltaí i suímh bhunscoile agus iar-bhunscoile lán-Ghaeilge (LG). Tá sé taifeadta go bhfuil SRO ag 5% de pháistí ag an chéim réamhscoile LG. Tá líon na ndaltaí LG ag gach céim a bhfuil ráiteas SRO acu (rud beag faoi 1%) tuairim ar an cheathrú cuid den chéatadán iomlán daltaí a bhfuil ráiteas SRO acu i ngach earnáil.

- Mar atá i ngach scoil, bíonn scoileanna LG ag brath go mór ar bhreithiúnas gairmiúil múinteoirí le SRO a aithint. Tuairiscíonn múinteoirí LG go mbíonn siad míchompordach faoi bhreithiúnais a thabhairt ar dhaltaí a bhfuil SRO acu, go háirithe nuair nach bhfuil tacaíocht tástálacha caighdeánaithe acu. Tá níos mó múinteoirí óga gan taithí san earnáil LG ná mar atá in aon earnáil eile. Tá imní ar roinnt síceolaithe oideachais faoin leibhéal íseal atreoruithe a chuirtear chucu ón earnáil LG.

Northern Ireland Statistics & Research Agency

© Cóipcheart na Corónach 2009

- Tá gá le feasacht níos fearr ar SRO thar an earnáil LG agus go háirithe ag an chéim iar-bhunscoile, áit ar thuairiscigh leath na bhfreagraithe íostuiscint nó gan aon tuiscint a bheith acu ar an Chód Cleachtais.

- Léiríonn freagraí ón earnáil LG i gcoitinne leibhéal ard míshástachta le seirbhísí tacaíochta SRO do dhaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu acu lena gcuid foghlama. Chuir bunús na bhfreagraithe (74%) ón chéim bhunscoile LG a míshástacht le soláthar reatha SRO in iúl, agus chuir 38% de fhreagraithe ón chéim réamhscoile agus 34% ón chéim iar-bhunscoile in iúl nach bhfuil siad sásta leis an soláthar.

- Tá an chuma air nach bhfuil go leor ama ag roinnt COSROnna le tabhairt faoi shaincheisteanna SRO. Is réimse é seo ar chóir do scoileanna díriú air mar chuid d'fhorbairt acmhainne na scoile agus le cur ar chumas COSROnna dul chun cinn daltaí a aithint agus monatóireacht a dhéanamh air thar thréimhse ama.

- Creideann bunús na síceolaithe oideachais ar cuireadh agallamh orthu go dtugann measúnú scileanna cumais chognaíoch agus uimhearthachta trí mheán an Bhéarla próifíl bheacht daltaí san earnáil LG arb é an Béarla a gcéad teanga. Níl measúnú páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga chomh díreach céanna. Tá a fhios acu go bhfuil cúram riachtanach nuair atá páistí dátheangacha á measúnú agus úsáid á baint as uirlisí measúnaithe a cumadh do pháistí aonteangacha Béarla agus tuairiscíonn siad gur dúshlán í easpa tástálacha caighdeánaithe i nGaeilge.

- Dúirt chóir a bheith trí cheathrú de na síceolaithe oideachais sa staidéar seo go gcuirfeadh siad fáilte roimh oiliúint ar an earnáil LG, ar thuiscint agus fheasacht níos féarr ar an earnáil LG i gcoitinne, ar riachtanais daltaí agus ar thuiscint níos fearr ar chur chuige i leith litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla i scoileanna LG, agus go mbainfeadh siad tairbhe as.

- Tá níos mó treorach, bunaithe ar thaighde agus ar an chleachtas is fearr, de dhíth i dtaca leis an am a dtosaítear ar staidéar foirmiúil ar an Bhéarla agus i dtaobh áit an Bhéarla i riar ar riachtanais bhreise daltaí SRO.

- Ba é Oideachas Tosaigh Múinteora (OTM) an foinse is coitianta oiliúna SRO a tuairiscíodh don fhoireann taighde. Mar gheall ar óige agus ar easpa taithí múinteoirí san earnáil LG, agus go mbítear ag súil le múinteoirí freagrachtaí breise a tharraingt orthu féin i bhfad níos luaithe ná in earnálacha eile, caithfidh soláthraithe OTM don earnáil LG a chinntiú go dtugtar tosaíocht do SRO.

- Tuairiscíonn tromlach na bhfreagraithe ón chéim réamhscoile go gcuirtear tacaíocht éifeachtach ar fáil ag gníomhaireachtaí luathóige mar Altram, an Eagraíocht Luathóige agus SureStart. Dúirt chóir a bheith a leath go raibh an tacaíocht ó bhunscoileanna LG éifeachtach agus dúirt níos lú ná an ceathrú cuid díobh go raibh teiripe urlabhra agus teanga agus seirbhísí síceolaíochta oideachais éifeachtach.

- Dúirt beagán níos mó ná leath na bhfreagraithe sna céimeanna bunscoile agus iar-bhunscoile go raibh tacaíocht SRO ón tSeirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta don Churaclam (SCTC) de chuid na mBord Oideachais agus Leabharlainne agus ó SCTC LG éifeachtach. Dúirt freagraithe bunscoile go raibh tacaíocht SRO ó sheirbhísí síceolaíochta oideachais, tacaíochta iompraíochta agus tacaíochta taistil éifeachtach.

- Cuireann freagraithe in iúl go bhfuil gá le saintacaíocht LG a chuireann san áireamh na dúshláin agus na castachtaí a bhaineann le SRO a aithint agus a mheasúnú agus le teagasc an churaclaim sa dara teanga i gclár tumoideachais.

- Faigheann múinteoirí san earnáil LG i gcoitinne locht ar sheirbhísí a sholáthraítear i mBéarla amháin agus tá siad den tuairim nach riarann siad go hiomlán do riachtanais na bpáistí. Creideann gairmithe oideachais nach múinteoirí iad nár chóir don teanga ina reachtáiltear cúrsaí bac a chur ar mhúinteoirí LG freastal ar na cúrsaí sin agus gur féidir straitéisí a chur in oiriúint don chomhthéacs LG. Caithfidh soláthraithe cúrsaí a chinntiú go gcuirtear áiseanna ar fáil i nGaeilge. Dar le múinteoirí LG go bhfuil riachtanas le sainoiliúint bhreise, rialta LG a chuirfidh ar a gcumas daltaí a aithint a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu i gcomhthéacs an earnáil tumoideachais LG agus an soláthar cuí a dhéanamh dóibh.

- Tuairiscíonn scoileanna go bhfuil easpa áiseanna litearthachta ann, agus scéim chéimnithe leitheoireachta i nGaeilge san áireamh. Luaigh siad go háirithe an riachtanas atá ann le háiseanna atá deartha le tacú le múinteoirí i ngach réimse SRO, go háirithe do dhaltaí níos sine a bhfuil deacrachtaí litearthachta acu.

- Tugann cúntóirí ranga tacaíocht luachmhar do pháistí a bhfuil SRO acu. Tá gá ag cúntóirí ranga le tuilleadh oiliúna agus forbartha leis an tacaíocht seo a mhéadú. Tá roinnt cúntóirí ranga, atá fostaithe go sainiúil le tacú le páistí a bhfuil SRO acu, den bharúil go mbaintear úsáid astu do riarachán agus chléireachas agus is beag acu a mbíonn baint acu le pleanáil ceachtanna. Thóg tuismitheoirí ceisteanna faoi uaireanta nuair a b'éigean páistí a

bhaint ón scoil go luath ceann is nach raibh an cúntóir ranga i láthair agus thuairiscigh siad go raibh tionchar diúltach aige seo ar fhéinmheas na bpáistí.

- Bhí tuismitheoirí a bhfuil páistí acu a bhfuil SRO acu sásta i gcoitinne le hiarrachtaí scoileanna tabhairt faoi riachtanais a bpáistí agus ba luachmhar leo an tacaíocht ó ghníomhaireachtaí seachtracha. Ina dhiaidh sin, is ábhar imní é teagasc sa bhaile nó san otharlann do pháistí ó scoileanna LG a chaithfidh tréimhsí fada a chaitheamh san otharlann, nó sa bhaile, mar gheall ar fhadhbanna sláinte. Lena chois sin, thuairiscigh tuismitheoirí ar aistríodh a gcuid páistí ón earnáil LG frustrachas go raibh gairmithe sláinte agus oideachais ag cur comhairle orthu gan leanúint d'oideachas LG dá bpáistí mar gheall ar riachtanais bhreise a gcuid páistí. Lena chois sin, is gá do scoileanna LG teagmháil a bhfuil cuspóir léi a dhéanamh le tuismitheoirí le tacú le foghlaim na bpáistí.

RÉAMHRÁ

1. Leagann litríocht idirnáisiúnta béim ar thairbhí cognaíocha, sóisialta agus cultúrtha an dátheangachais do pháistí agus dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais oideachais (SRO) acu. Aithníonn taighdeoirí tábhacht na ndeiseanna agus na scileanna breise a thairgeann an dátheangachas do pháistí agus dhaoine óga a bhfuil dúshláin áirithe os a gcoinne sa saol mar gheall ar a riachtanais bhreise (Dopke, 2005 agus Cummins, 2000). Ina dhiaidh sin, ainneoin fianaise méadaithí ag tacú le buntáistí an dátheangachais do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, luann litríocht idirnáisiúnta samplaí de thuismitheoirí páistí dátheangacha a bhfuil deacrachtaí foghlama acu ar mhol gairmithe dóibh a bpáistí a thógáil go haonteangach (Baker, 2007).

2. Is ó theaghlaigh Bhéarla bunús na bpáistí i nGaelscoileanna agus is ó theaghlaigh dhátheangacha (Gaeilge – Béarla) cuid bheag acu agus is ó theaghlaigh Ghaeilge dornán eile. Tuairiscíodh gur fhág roinnt daltaí i nGaelscoileanna (LG) oideachas LG le oideachas a fháil i suímh phríomhshrutha nó i suímh sainoideachais mar gheall ar cheisteanna SRO (Mhic Aoidh, 2004 agus Nic Annaidh, 2005).

3. Cumhdaíonn foilsiú an *Chód Cleachtais ar Shainaithint agus Mheasúnú Sainriachtanais Oideachais* (an Cód Cleachtais) i Meán Fómhair 1998 (Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann, 1998) agus ina dhiaidh sin, tabhairt isteach an *Ordú Sainriachtanais Oideachais agus Míchumais* (OSROM) i Meán Fómhair 2005 sa reachtaíocht an dualgas atá ar gach scoil agus ar gach Bord Oideachais agus Leabharlainne (BOLí) riar do riachtanais daltaí a bhfuil cuidiú agus tacaíocht bhreise de dhíth orthu lena gcuid foghlama agus athdhearbhaíonn siad ról na dtuismitheoirí mar chomhpháirtithe sa phróiseas sainaitheanta agus soláthair do riachtanais a gcuid páistí. I gcomhthéacs na bhfreagrachtaí atá ar scoileanna príomhshrutha céimeanna réasúnta a ghlacadh le soláthar cuí a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil SRO acu, tá freagracht ar shuímh LG, mar a gcéanna, oideachas cuimsitheach a sholáthar a chuireann riachtanais fhoghlama agus stíleanna gach daltá san áireamh agus a chuireann tumoideachas príomhshrutha trí mheán na Gaeilge ar fáil do gach duine a bhfuil sé de dhíth orthu.

AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ AN TAIGHDE

4. Is iad aidhmeanna an tionscadail taighde seo:

   a. sainriachtanais oideachais páistí dátheangacha a shainaithint;

   b. riachtanais tacaíochta páistí dátheangacha agus a dtuismitheoirí a fhiosrú;

   c. moladh cad iad na struchtúir a chaithfidh a bheith ann sna hearnálacha cuí;

   d. eolas a chur ar fáil i gcomhair pleanála amach anseo bunaithe ar réamh-mheastacháin fáis san earnáil oideachais LG;

   e. feasacht a mhéadú i measc gairmithe ar riachtanais ar leith páistí dátheangacha (Gaeilge – Béarla) a bhfuil sainriachtanais acu; agus

   f. tagarmharc a sholáthar do ghairmithe sna hearnálacha cuí agus iad ag iarraidh soláthar a fheabhsú.

5. Léirigh aidhmeanna bunaidh an tionscadail fís POBAL i leith staidéir fhadréimsigh ar riachtanais ar leith páistí ar cainteoirí Gaeilge – Béarla iad ó 0 go 18 agus a dteaghlach lena n-áirítear riachtanais páistí a bhfuil sainriachtanais oideachais agus sláinte acu. Cinneadh, i gcomhairle le RO, ar fhócas an taighde a dhíriú ar pháistí ó 0 go 16 in oideachas LG in áit páistí ó 0 go 18, agus riachtanais ar leith páistí ar cainteoirí Gaeilge iad agus a bhfuil SRO acu agus riachtanais a dtuismitheoirí a shainaithint.

PRÍOMHCHINNTE

(Tá tagairtí do pharagraif ábhartha sa phríomhthuarascáil idir lúibíní.)

ACMHAINN NA hEARNÁLA GAEILGE SOLÁTHAR DO PHÁISTÍ A BHFUIL SRO ACU

6. Sa tréimhse bailithe sonraí, bhí 5 bliana nó ní ba lú taithí teagaisc ag 55% de mhúinteoirí san earnáil LG. (4.9.44)

7. Tá taifead déanta go bhfuil SRO ag tuairim ar 17% de pháistí i suímh bhunscoile agus iar-bhunscoile LG agus is iad na trí SRO is minice a

thuairiscítear: deacrachtaí meánacha foghlama (35%), deacrachtaí éadroma foghlama (19%) agus NSMI (15%). (4.1.4)

8. Ta éagsúlacht níos mó riachtanas sa chéim bhunscoile LG ná mar atá sa chéim iar-bhunscoile. (4.1.7, 10)

9. Tá ráiteas SRO ag beagán faoi 1% san iomlán de dhaltaí san earnáil LG, arb ionann is tuairim ar an cheathrú cuid den chéatadán iomlán daltaí a bhfuil ráiteas SRO acu in earnálacha eile. (4.1.15)

10. Tá ráiteas SRO ag chóir a bheith trí oiread gasúr le cailíní san earnáil LG (4.1.15) agus is é NSU an catagóir riachtanais is minice a luaítear i measc na ráiteas sin. (4.1.16)

11. Is é an céatadán daltaí LG ag eochairchéim 2 a bhfuil taifead déanta orthu ar an chlár SRO is cóngaraí do norm an chéatadáin a bhfuil taifead déanta orthu in earnálacha eile, ach tá céatadán níos ísle daltaí LG, i gcomórtas leis an norm thar gach earnáil, ar an chlár SRO ag an chéim réamhscoile agus ag an bhonnchéim agus i mblianta 10, 11 agus 12. (4.1.2)

12. Mar atá in earnálacha eile, tá tuairim ar dheich n-oiread daltaí taifeadta ar chéimeanna 1-3 den Chód Cleachtais ná mar atá taifeadta ar chéimeanna 4 agus 5. (4.1.3)

13. Tá deacrachtaí meánacha nó éadroma foghlama ag rud beag níos mó ná leath na ndaltaí LG atá ar an chlár SRO; is iad deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta (NSMI) an catagóir suntasach eile SRO a ndearnad taifead orthu. (4.1.7, 10)

14. Is iad deacrachtaí urlabhra agus teanga 59% de na SRO a tuairiscíodh sa sa chéim réamhscoile LG. (4.1.14)

15. Is é an réimse cognaíoch agus foghlama an réimse SRO is mó a tuairiscíodh i suímh bhunscoile LG, rud is amhlaidh den mhórchuid i suímh bhunscoile i ngach earnáil. Is réimsí SRO nár taifeadadh san earnáil iar-bhunscoile LG Cumarsáid agus Caidreamh, Riochtaí/Siondróim Míochaine agus Fisiciúla. (4.1.5-6, 8, 10)

16. Tá roinnt scoileanna LG réamhghníomhach i soláthar tacaíochta breise do dhaltaí a bhfuil sin riachtanach acu trí shocruithe aistarraingthe leis an COSRO, leis an mhúinteoir SRO, agus i gcásanna áirithe le cúntóir ranga. (4.3.42-5)

17. I measc réimse straitéisí agus áiseanna atá in úsáid le tacú le daltaí SRO, tá *Litheartha cht Mhothúchánach (An Scoil Litheartha chta Mothúchánaí,2008), cláir urlabhra agus theanga, Primary Movements* (Primary Movement, 2008), *Athghreim ar an Léitheoireacht* (Clay, 2002) agus *Jolly Phonics* (Lloyd, 2005). Baineann scoileanna úsáid fosta as áiseanna i nGaeilge, mar *Fónaic na Gaeilge* (BOLBF, 2005), *Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht* (Clay agus Nic Uidhir, 2007), agus áiseanna urlabhra agus teanga (Blacksheep Press, 2008). Ach ó tharla gur beag áis SRO atá ar fáil i nGaeilge, cruthaíonn múinteoirí LG a n-áiseanna féin, lena n-áirítear leabhair léitheoireachta agus na háiseanna, na bileoga oibre agus na cluichí a ghabhann leo. Díríonn bunús na tacaíochta breise ar an litearthacht, trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla nó tríothu araon, de réir mar is gá. (4.3.39-40, 49)

18. Is tairbheach d'obair agus d'fhéinmhuinín daltaí SRO agus d'obair mhúinteoirí tacaíocht éifeachtach, luachmhar, bhreise cúntóirí ranga, agus san am chéanna tairgeann sí foinse breise Gaeilge, ach is ríthábhachtach go mbeadh oiliúint chuí agus forbairt ghairmiúil ann do CRí i SRO leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil a uasmhéadú, nó is minic ar daoine óga na cúntóirí ranga atá ar bheagán taithí agus ar bheagán oiliúna i dtaca le tacaíocht SRO de. Tá chóir a bheith dhá dtrian de na cúntóirí ranga a bhfuil baint acu leis an staidéar seo, nach bhfuil sainfhostaithe le cuidiú le daltaí SRO, ag déanamh na hoibre seo agus tá oiliúint de dhíth orthu lena ról a thuiscint. (4.4.2, 6-10, 19, 24-5, 27, 29)

19. Chuir roinnt bheag COSROnna imní in iúl gur teoranta an t-am a chaitear ag tacú le daltaí mar gheall ar dhualgais eile sa scoil. (4.4.23)

20. Ní raibh baint ar bith ag tromlach mór na COSROnna sa staidéar seo le pleanáil ceachtanna ach tá baint áirithe ag tromlach na gcúntóirí ranga leis an obair seo agus tá baint mhór ag 14% breise de chúntóirí ranga léi. (4.4.30)

Saincheisteanna sa chéim réamhscoile

21. Dúirt chóir a bheith leath na bhfreagraithe go raibh cuidiú breise de dhíth sa suíomh, ach is dúshlán é foireann atá cáilithe go cuí a earcú a bhfuil cáilíochtaí cúraim leanaí agus oilteacht sa Ghaeilge araon acu. Is féidir le daoine a earcaítear gan an leibhéal inmhianaithe oilteachta sa Ghaeilge acu a bheith ina n-ualach ar bhaill eile foirne. Tá ráta ard athraithe foirne ann atá ina bhac ar phleananna fadtéarmacha SRO. Tá taifead déanta air gur

áiseanna le tacú lena gcuid oibre, maoiniú d'áiseanna agus cóiríocht chuí na riachtanais is mó atá acu. (4.11.3-8, 20, 23)

Saincheisteanna sa chéim bhunscoile

22. Deir beagnach gach freagraí ag leibhéal bunscoile go bhfuil tuiscint iomlán nó ghinearálta acu ar an Chód Cleachtais, ar chéimeanna an Chóid, agus go hiomlán i gcás an phróiseas atreoraithe inscoile. Tá difear mór idir na leibhéil tuisceana a tuairiscíodh sa chéim bhunscoile LG agus an chéim Iar-bhunscoile LG, áit ar léirigh cion suntasach freagraithe beagán tuisceana nó tuiscint ar bith ar an Chód Cleachtais agus ar nósanna imeachta atreoraithe inscoile. Thuairiscigh cion i bhfad ní ba mhó ón chéim iar-bhunscoile (50%) nach raibh ach tuiscint an-bheag nó tuiscint ar bith acu ar na nósanna imeachta atreoraithe a bhain le atreorú a dhéanamh go síceolaí oideachais agus le measúnú reachtúil a éileamh, ná iad siúd sa chéim bhunscoile (16%). Cuireann roinnt freagraí ó shíceolaithe oideachais an tuairim in iúl gur chóir go mbeadh ní ba mhó atreoruithe curtha chucusan ón earnáil LG. (4.7.13-8)

23. Tá COSRO i dtromlach mór (87%) na suíomh bunscoile LG sa staidéar seo agus níl aon oilteacht sa Ghaeilge ag 27% díobh (in aonaid LG). Tá réimse taithí ar theagasc COSROnna in aonaid bhunscoile LG idir sé bliana agus fiche bliain agus is múinteoirí ranga 60% díobh agus tá 70% díobh ar FBSí. I mbunscoileanna LG tá níos lú ná cúig bliana taithí ar theagasc ag trian de na COSROnna agus is múinteoirí ranga trí cheathrú cuid díobh atá ar FBSí. Tá níos lú ná ceithre huaire sa tseachtain do dhualgais SRO ag tromlach suntasach COSROnna i suímh bhunscoile LG. Fuair tromlach (77%) na COSROnna forbairt ghairmiúil don phost mar COSRO agus fuair chóir a bheith trian díobh cáilíochtaí breise i SRO. (4.6.2-3, 5-9)

Saincheisteanna sa chéim iar-bhunscoile

24. Tá COSRO i ngach suíomh iar-bhunscoile LG, a bhfuil duine acu oilte sa Ghaeilge agus beirt acu ina mbaill d'fhoirne bainistíochta scoile. Thuairiscigh dhá cheann de na trí shuíomh iar-bhunscoile gur múinteoir ranga an COSRO. Bhí clár ama ar leith ag gach COSRO do dhualgais SRO. Bhí 11-15 uair sa tseachtain ag duine amháin agus 21-25 uair sa tseachtain ag duine eile. Níor shonraigh an suíomh eile na huaireanta a caitheadh ar dhualgais SRO. Bhí taithí 6-10 mbliana ar theagasc ag COSRO amháin agus bhí taithí

bliain agus fiche nó níos mó ag an dá COSRO eile. Fuair dhá COSRO oiliúint don phost agus fuair COSRO amháin cáilíochtaí breise i SRO. (4.6.11-3)

25. Bhunaigh suíomh iar-bhunscoile LG ionad tacaíochta SRO, ag feidhmiú i Meán Fómhair 2008. Cheap siad comhordaitheoir agus foireann SRO. (4.3.50)

ACMHAINN SEACHTRACH GHAIRMIÚIL DON EARNÁIL LG

26. Tá céatadán ard scoileanna LG san am i láthair ag fáil tacaíochta SRO do dhaltaí a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim. Ba iad seirbhísí oibrithe sóisialta an tseirbhís a ba mhó a raibh iarraidh uirthi i suímh réamhscoile LG, seirbhís na síceolaithe oideachais i suímh bhunscoile agus thuairiscigh gach ceann de na trí shuíomh iar-bhunscoile gur bhain siad úsáid as seirbhísí síceolaithe oideachais, seirbhísí for-rochtana, seirbhísí leasa oideachais agus seirbhísí oibrithe sóisialta. (4.5.2)

27. Tá céatadán na CRí a thuairiscigh go bhfuair siad oiliúint a bhain le SRO níos lú ná an céatadan d'fhoireann réamhscoile LG agus múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile LG. (4.10.7)

28. Cé gur chuir tromlach mór (81%) na síceolaithe oideachais sa staidéar seo in iúl go raibh tuiscint iomlán nó ghinearálta acu ar an dátheangachas, d'éiligh beagán thar a leath go raibh tuiscint iomlan nó ghinearalta acu ar an earnáil LG. Cé go bhfuair 31% díobh oiliúint ar an dátheangachas, ní bhfuair ach 5% díobh mionoiliúint ar an earnáil LG agus creideann siad den mhórchuid go dtugann cleachtais reatha mheasúnaithe próifíl bheacht daltaí arb é an Béarla a gcéad teanga agus go dtuigeann siad riachtanais daltaí LG den mhórchuid. (4.5. 20-1, 23-4)

29. Níl síceolaithe oideachais in ann measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí sa litearthacht i nGaeilge mar gheall ar easpa ábhar measúnaithe i nGaeilge agus féadfaidh seo moill a chur ar sholáthar tacaíochta cuí. Luaigh siad trí phríomhdhúshlán ina gcuid oibre san earnáil LG, mar atá inniúlacht phearsanta i nGaeilge (24%), easpa ábhair mheasúnaithe i nGaeilge (20%) agus diagnóis bheacht deacrachtaí foghlama (12%) (4.5.27). Is aidhm dóibh na dúshláin seo ina gcuid oibre a mhaolú trí: chomhoibriú le baill foirne, úsáid uirlisí neamhbhriathartha measúnaithe agus teoiricí dátheangachais agus tumoideachais a bhreithniú. (4.5.29)

30. Léiríonn freagairtí go bhfuil gá le méadú breise feasachta i measc gairmithe sláinte agus oideachais i dtaca le héiteas agus le hoideolaíocht na hearnála LG de, le soláthar a fheabhsú do dhaltaí a fuair cuid dá n-oideachas i scoil LG agus atá anois ag fáil oideachais i suíomh bunscoile nó iar-bhunscoile LB. Dúirt tromlach mór na síceolaithe oideachais (72%) go mbainfeadh siad tairbhe as oiliúint ar an earnáil LG i dtéarmaí: tuisceana agus feasachta níos fearr ar an earnáil LG, tuisceana níos fearr ar riachtanais daltaí, tuisceana méadaithe ar chleachtais mheasúnaithe agus tuisceana níos fearr ar chur chuige i leith litearthachta i nGaeilge agus i mBéarla san earnáil LG. (4.5.22-3)

31. I measc moltaí le tacú le hobair síceolaithe oideachais sa staidéar, bhí measúnuithe caighdeánaithe i nGaeilge, a scileanna pearsanta Gaeilge a fheabhsú, oiliúint ar oideolaíocht LG, oifigeach teagmhála teaghlaigh, tacaíocht iarscoile do pháistí nach bhfuil Gaeilge sa bhaile acu, áiseanna breise i nGaeilge agus seirbhísí tacaíochta taistil agus for-rochtana trí mheán na Gaeilge. (4.5.30)

32. Tá leibhéal ard míshástachta ann leis an tacaíocht a chuireann na seirbhísí tacaíochta a bhaineann le SRO ar fáil i dtaca le tacaíocht chuí a sholáthar do dhaltaí in oideachas LG de. I measc na gcúiseanna a luadh, bhí easpa reatha: sholáthar sheirbhís tacaíochta i nGaeilge, tuisceana ar an earnáil i measc gairmithe agus áiseanna agus ábhar measúnaithe i nGaeilge. (4.5.9)

33. Sna céimeanna bunscoile agus iar-bhunscoile, luaigh an ceathrú cuid díobh siúd a bhí den bharúil go raibh soláthar SRO sásúil (23% i mbunscoileanna agus 35% in iar-bhunscoileanna) seirbhísí seachtracha tacaíochta, ach thagair 21% d'eolas agus do shaineolas mhúinteoirí i scoileanna agus thagair 21% d' infhaighteacht tacaíochta inscoile do dhaltaí. (4.2.4)

34. Baineann imní faoi sholáthar reatha SRO le forbairt ghairmiúil do chleachtóirí ag gach leibhéal, le soláthar nósanna cuí imeachta measúnaithe agus seirbhísí acaíochta do dhaltaí a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu lena gcuid foghlama; ábhair mheasúnaithe, agus soláthar leoracmhainní airgeadais, daonna agus oideachais le riar do riachtanais daltaí atá ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. (4.2.4-5)

35. Meastar go bhfuil gnéithe de sholáthar LG sásúil, mar atá: éiteas; caidreamh maith idir daltaí agus múinteoirí, idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus idir scoileanna LG; teacht ar sheirbhísí tacaíochta, agus saineolas, taithí agus dúthracht mhúinteoirí san earnáil LG. Tuairiscítear san iomlán, áfach,

leibhéal ard míshásaimh le soláthar reatha do dhaltaí SRO san earnáil LG, go háirithe sa chéim bhunscoile. (4.2.2-3)

Cinnte sa chéim réamhscoile

36. Thagair 67% de na 39% a bhí den tuairim go raibh soláthar SRO sásúil d'infhaighteacht tacaíochta seachtraí mar ghné dhearfach. De na 38% a shíl go raibh soláthar SRO míshásúil, bhain na príomhchúiseanna (i measc eile) a luaigh siad le heaspa: soláthair chuí (20%), foirne cáilithe a raibh Gaeilge acu (20%), tacaíochta seachtraí (13%) agus eolais (13%). (4.2.3, 6)

37. Bhí tromlach mór den bharúil go raibh an tacaíocht ó bhaill eile foirne agus ón cheannasaí éifeachtach. Measann tromlach go bhfuil an tacaíocht ó ghníomhaireachtaí luathóige éifeachtach agus shíl 23% go raibh seirbhísí TUT agus síceolaíochta oideachais éifeachtach. Bhí chóir a bheith a leath den tuairim go raibh tacaíocht SRO ó bhunscoileanna LG éifeachtach, ach thuairiscigh mionlach suntasach nach raibh taithí acu ar thacaíocht ón fhoinse sin ná ó Sheirbhísí Tacaíochta Iompraíochta nó Taistil. (4.9.2-5)

38. Níl teacht ag grúpaí súgartha LG ar sheirbhísí tacaíochta BOL-bhunaithe ach chuirfeadh siad fáilte roimh eolas ar cá háit a dtiocfadh leo teacht ar thacaíocht ghairmiúil SRO. (4.9.5, 24-5, 27-9)

Cinnte sa chéim bhunscoile

39. Fuair 75% oiliúint fhoirmiúil ar SRO agus ba le linn OTM a bhí an fhorbairt ghairmiúil a ba mhinice a luadh. Ba chóir go mbeadh oiliúint in Athghreim ar an Léitheoireacht i mBéarla agus i nGaeilge ar fáil do níos mó múinteoirí LG. (4.10.10, 12, 30)

40. Bhí tromlach mór den tuairim go raibh tacaíocht SRO ón phríomhoide agus ó bhaill eile foirne éifeachtach agus chuir 45% síos ar thacaíocht SRO ó scoileanna eile LG ar an dóigh chéanna. Dúirt níos lú ná a leath go raibh tacaíocht SRO ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí i scoileanna LB éifeachtach agus chuir an céatadán céanna in iúl nach raibh taithí acu ar thacaíocht ón fhoinse sin. Dúirt rud beag níos mó ná a leath go raibh tacaíocht SRO ó SCTC agus ó SCTC LG éifeachtach, fuair 69% tacaíocht SRO ó shíceolaithe oideachais éifeachtach, tacaíocht iompraíochta (46%) agus seirbhísí tacaíochta taistil (55%). Dúirt an céatadán céanna freagraithe go raibh seirbhísí TUM éifeachtach agus a dúirt go raibh siad neamhéifeachtach

(32%), agus dúirt 40% go raibh seirbhísí Teiripe Shaothair éifeachtach. (4.9.8-12)

41. Tá gá le treoir, bunaithe ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar an chleachtas is fearr, ar an am is fearr le tosú ar staidéar foirmiúil ar an Bhéarla agus ar áit an Bhéarla i dtabhairt faoi riachtanais bhreise daltaí SRO. (4.9.49)

Cinnte sa chéim iar-bhunscoile

42. Cé go bhfuair 90% díobh forbairt ghairmiúil i RSO, bhain múinteoirí bunscoile leas as réimse ní ba leithne soláthraithe oiliúna ná a gcomhghleacaithe iar-bhunscoile. (4.10.11-2)

43. Dúirt tromlach mór (71%) go raibh tacaíocht RSO ón phríomhoide agus ó mhúiteoirí eile sa scoil éifeachtach agus thuairiscigh 70% díobh nach raibh taithí acu ar thacaíocht RSO ó scoileanna eile LG nó go raibh sí ar fáil dóibh. Thuairiscigh 67% nach raibh taithí ná teacht acu ar thacaíocht RSO ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí i scoileanna LB. (4.9.13-4)

44. Dúirt chóir bheith a leath go raibh seirbhísí SCTC i leith tacaíochta RSO éifeachtach agus dúirt 24% gurbh fhoinse éifeachtach tacaíochta RSO SCTC LG, a fhíonn tacaíocht RSO ina gcuid oibre. Bhí 44% den tuairim go raibh tacaíocht sheirbhísí thacaíocht iompraíochta éifeachtach, 34% i leith seirbhísí síceolaíochta oideachais agus 27% i leith seirbhísí tacaíochta taistil. Ní raibh taithí ag thar a leath (54%) ar sheirbhísí TUT agus ag 61% ar sheirbhísí teiripe shaothair, rud a léirítear sna céatadáin lena n-éifeacht a mheas: TUT (17%) agus teiripe shaothair (9%). (4.9.15-7, 23)

Ceisteanna thar na céimeanna bunscoile agus iar-bhunscoile

45. Cé gur thuiscint níos fearr ar riachtanais daltaí príomhthoradh oiliúna SRO do mhúinteoirí, níor chuir an oiliúint an cás LG san áireamh, bhí sí níos teoiriciúla ná praiticiúil agus níor lean aon rud uaithi. Tá gá le hoiliúint i luathaithint SRO in oideachas LG a bhfuil an dinimic dhátheangach ann, agus sa réimse castachtaí a bhaineann le comhthéacs an tumoideachais agus i straitéisí le riar do riachtanais daltaí. (4.10.19, 27)

46. Is iad na baic is mó ar fhorbairt ghairmiúil ionadaithe cumhdaigh a fháil, am le freastal ar oiliúint agus infhaighteacht cúrsaí fóirsteanacha, agus is deacair

teacht ar chúrsaí forbartha gairmiúla i ndiaidh uaireanta scoile féin mar gheall ar an riachtanais le achair fhada a thaisteal in amanna. (4.10.42-3)

47. Baineann roinnt cleachtóirí ón earnáil LG úsáid as na seirbhísí cineálacha tacaíochta SRO atá ar fáil dóibh, mar shampla, SCTC, síceolaíocht oideachais, tacaíocht iompraíochta srl. agus chuir siad a mbuíochas in iúl ar son seirbhísí tacaíochta a chuireann an earnáil LG san áireamh agus soláthraithe atá sásta oibriú le cleachtóirí LG le áiseanna i nGaeilge a sholáthar. Tugtar le tuiscint, áfach, gur taobh istigh de shuímh scoile atá na foinsí tacaíochta SRO is minice a luaítear. Is féidir go gcaithfidh an earnáil LG a bheith níos eolaí ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh, ach is intuigthe go mbíonn imní ar scoileanna LG faoi sheirbhísí a sholáthraítear don earnáil LG i mBéarla amháin. (4.9.14, 4.9.19 – 4.9.23)

48. Baineann ceisteanna eile le: comhairle agus treoir i leith SRO san earnáil LG, sainaithint SRO, tacaíocht do mhúinteoirí i scoileanna nuabhunaithe, tacaíocht do mhúinteoirí nuacháilithe, cumarsáid idir múinteoirí agus gairmithe seachtracha, ceist an Bhéarla agus litearthacht agus délitearthacht do dhaltaí in oideachas LG a bhfuil SRO acu agus soláthar cuí do dhaltaí i suímh LG i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Tá gá le saintacaíocht LG a chuireann san áireamh na dúshláin agus na castachtaí a bhaineann le sainaithint agus measúnú SRO agus le teagasc an churaclaim trí mheán na dara teanga i gclár tumoideachais. (4.9.31-52)

49. Áitíonn gairmithe oideachais nach múinteoirí iad nár chóir go gcuirfeadh an teanga ina reáchtáiltear cúrsaí bac ar mhúinteoirí LG freastal ar chúrsaí, go bhfuil cúrsaí cineálach agus gur féidir straitéisí a chur in oiriúint do chúinse LG (4.10.14). Cé go bhfuil an oiliúint i mBéarla, is ábhartha í le scileanna iomlánaíocha a thabhairt do mhúinteoirí le cuidiú leo siúd a bhfuil cuidiú speisialaithe de dhíth orthu. (4.10.33)

50. Tá áiseanna praiticiúla, cuí, i nGaeilge de dhíth ar mhúinteoirí LG atá réidh le húsáid sa seomra ranga agus soláthraíonn ionad for-rochtana amháin tacaíocht saincheaptha, chuí, éifeachtach don earnáil LG. (4.9.19-22)

51. Fuair céatadán ard múinteoirí LG oiliúint SRO de chineál éigin. Caithfear múinteoirí LG a ghríosú le leas a bhaint as deiseanna BOL i leith oiliúna SRO. (4.10.32-3)

52. Cé gurbh úsáideach le freagraithe oiliúint, leag siad béim ar an riachtanas le sainoiliúint rialta LG ionas go mbeadh siad in ann daltaí a bhfuil cuidiú breise

de dhíth orthu a shainaithint agus soláthar cuí a dhéanamh dóibh. (4.10.7, 17- 20)

53. De na freagraithe a bhí den tuairim go raibh soláthar SRO míshásúil, bhain na príomhchúiseanna le heaspa: áiseanna i nGaeilge (28%), uirlisí measúnaithe (21%), seirbhísí i nGaeilge (15%) agus tacaíochta cuí (10%). (4.2.7)

54. Ba cheisteanna eile a luadh: comhionannas teachta ar an tacaíocht chuí do dhaltaí SRO san earnáil LG, gur éagóir Béarla a mheasúnú nuair nach dtosaíonn staidéar foirmiúil ar litearthacht Bhéarla go dtí bliain 4, easpa tacaíochta foirmiúla i nGaeilge agus easpa saineolais sna seirbhísí tacaíochta (4.2.9); easpa déileála céanna agus infhaighteacht seirbhísí thar an earnáil ISSN 1366-803X LG agus an earnáil LB araon; go bhfóireann an cur chuige céanna i ngach cás i dtaca le hoiriúnacht don earnáil LG de; gur éagóir nach bhfuil ábhair mheasúnaithe ann do chomhthéacsanna daltaí LG (4.2.10); neamhfhóirsteanacht soláthair reatha inscoile do dhaltaí SRO san earnáil LG; saincheapadh teagaisc inranga i dtabhairt faoi riachtanais daltaí SRO; ollmhéid na faidhbe (4.2.11); táthar ag súil le daltaí SRO a bheith páirteach i réimse mór gnéithe foghlama, ag an chéim bhunscoile agus ag an chéim iar-bhunscoile araon, trí mheán na dara teanga; daltaí SRO a bhfuil gné bhreise fhoghlama acu ach nach bhfuil cuidiú breise acu (4.2.12-3); tá gá le straitéis phleanáilte, struchtúrtha le córas cuí tacaíochta a chruthú agus na bearnaí a laghdú (4.2.15); frustrachas múinteoirí atá ag iarraidh riar do riachtanais daltaí SRO sa rang leis na háiseanna atá ar fáil dóibh. (4.2.16)

55. Ba iad na céatadáin freagraithe atá ag obair san earnáil LG agus atá sásta le seirbhísí SRO: réamhscoile: 11%; bunscoile: 34% agus iar-bhunscoile: 22%. Ba iad na céatadáin de dhaoine nach raibh aon taithí acu ar úsáid a bhaint as seirbhísí SRO: réamhscoile (54%); bunscoile (12%) agus iar-bhunscoile (37%). (4.5.3)

56. Tagann an sásamh ag leibhéal réamhscoile ó infhaighteacht tacaíochta, dar le leath na bhfreagraithe. Ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, luaigh dhá dtrian de na freagraithe infhaighteacht agus bhí trian díobh sásta leis an teagmháil a coinníodh le múinteoirí. (4.5.6)

57. Luaigh trian díobh siúd a thuairiscigh go raibh na seirbhísí míshásúil easpa seirbhísí i nGaeilge agus luaigh an cúigiú cuid díobh easpa teagmhála le múinteoirí agus easpa áiseanna cuí i nGaeilge. (4.5.9)

Cúntóirí ranga

58. Is beag cúntóir ranga cáilithe atá ar fáil a bhfuil oilteacht sa Ghaeilge acu. (4.11.12)

59. Léiríonn freagairtí ó CRí agus ó mhúinteoirí gá le hoiliúint SRO i straitéisí cuí do CRí, go háirithe dóibh siúd atá fostaithe le saintacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí SRO. Léiríonn na sonraí teacht ar oiliúint SRO mar phríomhcheist ag CRí. Ba mhaith le CRí oiliúint le soláthar do dhaltaí SRO a fheabhsú, pointe a léirigh múinteoirí agus gairmithe oideachais fá dtaobh díobh fosta. Ina dhiaidh sin, cuimsíonn na baic atá orthu iad féin a fhorbairt i gceisteanna SRO infhaighteacht cúrsaí do CRí, amanna agus laethanta cúrsaí, buiséad na scoile nó ceisteanna pearsanta airgeadais. (4.10.35-8, 44)

ÁISEANNA GAIRMIÚLA

60. Caitheann múinteoirí LG go fóill cuid mhór ama agus fuinnimh ar chruthú áiseanna, lena n-áirítear áiseanna SRO, agus, mar sin de, dearctar ar acmhainniú leordhóthanach, cuí mar riachtanas suntasach san earnáil LG. (4.11.1, 34)

Ceisteanna thar an chéim bhunscoile agus an chéim iar-bhunscoile

61. Is minic a bhíonn soláthar cuí do SRO ag brath go mór ar bhuiséad na scoile, agus féadfaidh seo a bheith ina fhadhb i scoileanna LG ar an ábhar go mbíonn siad measartha beag de ghnáth. (4.11.17)

62. Is lú go mór go fóill na hábhair thacaíochta atá ar fáil do SRO i nGaeilge ná mar atá ar fáil i mBéarla. (4.11.27)

63. Léiríodh sásamh le háiseanna cineálacha i nGaeilge den mhórchuid. Ina dhiaidh sin, cuirtear béim ar an riachtanas mór le háiseanna Gaeilge i soláthar SRO go sainiúil agus i dtéarmaí úsáide sa seomra ranga agus úsáide ag gairmithe atá ag obair le daltaí LG a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu. Luaitear uaireanta agus oiliúint bhreise do CRí, áiseanna, tacaíocht taistil agus uirlisí tástála/measúnaithe caighdeánaithe mar na ceithre phríomhghné atá le feabhsú i dtaca le SRO de. Ina dhiaidh sin, bíonn tionchar ag ceisteanna buiséid agus ag maoiniú ar chineál agus cháilíocht

an soláthair is féidir le scoileanna a dhéanamh do dhaltaí SRO. (4.11.9, 10, 24-5, 27)

64. Caithfear breithniú ar an leibhéal agus ar an chineál teanga a mbaintear úsáid astu in áiseanna san earnáil LG dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu. Tá gá ar fad le scéim chéimnithe léitheoireachta i nGaeilge a chothóidh díchódú, aithint focal ardmhinicíochta agus athrá focal agus le hábhair a thacóidh le daltaí níos sine a bhfuil deacrachtaí acu scileanna litearthachta a thabhairt leo. (4.11.28, 30-2)

65. Cuireadh béim go forleathan ar an ríomhaire mar inspreagthóir mór ag páistí SRO san earnáil LG. (4.11.33)

Gairmithe oideachais

66. Thóg an ceathrú cuid de ghairmithe oideachais nach múinteoirí iad an cheist faoi thacaíocht taistil nó for-rochtana , trí mheán na Gaeilge, do dhaltaí a bhfuil cuidiú breise de dhíth orthu lena gcuid foghlama. (4.11.18)

TUISMITHEOIRÍ AGUS OIDEACHAS A GCUID PÁISTÍ SAN EARNÁIL LG

67. Tá tuismitheoirí I gcoitinne sásta leis an tacaíocht inscoile a fhaigheann a gcuid páistí, lena n-áirítear múinteoirí ranga, CRí (nuair atá ardlíofacht Gaeilge acu) agus tacaíocht seachtrach, agus aithníonn siad na scileanna breise a thugann oideachas LG do pháistí SRO ach tá imní orthu faoin méid ama a ghlactar le riachtanais bhreise a shainaithint agus tabhairt fúthu agus le atreoruithe a dhéanamh. (4.8.2-3, 5, 7-8, 10, 21)

68. Thuairiscigh tuismitheoirí páistí SRO gur chuir gairmithe nach múinteoirí iad comhairle orthu gan Gaeilge a labhairt leo ná iad a chur go scoileanna LG agus chuir siad síos ar an imní a bhíonn ar an pháiste agus ar na tuismitheoirí araon nuair a fhágann páiste an earnáil. Dúirt siad fosta gur mhaith leo go mbeadh tuiscint níos fearr i measc gairmithe sláinte agus oideachais ar oideachas LG agus ar an dátheangachas agus go sannfaí gairmithe a bhfuil Gaeilge acu do scoileanna LG agus go roinnfí eolas thar ghairmithe sláinte agus oideachais. (4.8.19, 20, 22)

69. Is inmhianaithe leanúnachas i dteagasc páistí trí mheán na Gaeilge nuair a bhíonn siad tinn agus iad sa bhaile nó san otharlann. (4.8.14, 16).

PRÍOMH-MHOLTAÍ

ACMHAINN NA hEARNÁLA LÁN-GHAEILGE SOLÁTHAR DO PHÁISTÍ SRO

Moladh 1: Feasacht ar Nósanna Imeachta an Chód Cleachtais

70. Ba chóir go dtabharfaí tosaíocht níos airde arís do SRO thar gach céim san earnáil LG. (4.1.2, 5-6, 8, 10)

Moladh 2: Ag cur daltaí ar an Chlár SRO

71. I gcomhairle le COSROnna, ba chóir do mhúinteoirí LG a chinntiú go gcuirtear daltaí ar Chéim 1 den Chód Cleachtais a luaithe a léiríonn siad ábhar imní, le cuidiú breise agus próiseas níos gaiste atreoraithe a chinntiú agus leis na daltaí a ba chóir a bhogadh go Céimeanna 4 agus 5 a bhogadh. (4.7-3, 15, 18; 4.7.18)

Moladh 3: Comhoibriú traschéime/trasearnála san earnáil LG

72. Ba chóir go mbeadh níos mó comhoibrithe thraschéime agus thrasearnála ann, níos mó idirchaidrimh agus rannadh eolais: mar shampla, i dtéarmaí saineolais, cur chuige, straitéisí, pleanála, comhroinnte áiseanna SRO, úsáid a bhaint as TEC mar inspreagthóir sármhaith i bhfoghlaim agus i measúnú daltaí SRO, ceisteanna SRO ar bhonn traschéime, i measc cúntóirí ranga, CRí agus CRSROí, múinteoirí, COSROnna, cinn roinne agus príomhoidí san earnáil LG (4.1.2, 5, 6, 7, 8, 10; 4.9.13; 4.11.33, 35)

Moladh 4: COSROnna i suímh LG

73. Ba chóir do COSROnna scaipeadh éifeachtach eolais ar cheisteanna SRO a chinntiú agus tacaíocht a thairgeadh don fhoireann uilig. Ba chóir struchtúir scoile a bhunú lena chinntiú go mbíonn tacaíocht SRO ar fáil i nGaeilge i ngach suíomh LG, agus féidearthacht COSROnna lena n-áirítear múinteoirí SRO a rannadh. Sna scoileanna LG nach ball den FBS an COSRO, ba chóir don COSRO a chinntiú, i gcomhoibriú leis an phríomhoide, go dtugtar tosaíocht ard, mar is cuí, do SRO sa scoil. (4.10.26; 4.6.2, 3, 4, 5).

ACMHAINN SEACHTRACH GHAIRMIÚIL SOLÁTHAR DON EARNÁIL LG

Moladh 5: Beartais RO i leith SRO i scoileanna LG

74. Ba chóir don RO a chinntiú go bhfuil beartais a bhaineann le SRO oiriúnach don fheidhm san earnáil lán-Ghaeilge. Ba chóir do na beartais SRO seo aird a bheith acu ar thaighde agus ar chleachtais SRO i dtumoideachas go hidirnáisiúnta, an cleachtas is fearr a úsáid, tacaíocht do thuismitheoirí páistí LG SRO a chinntiú agus cinnte eolacha ar oideachas daltaí LG SRO a chothú. (4.2.9-16; 4.5. 9; 4.8.20, 22, 19, 26)

Moladh 6: An tAthbhreithniú ar SRO agus ar Chuimsiú agus taighde breise

75. Ba chóir don RO a chinntiú go léirítear riachtanais na hearnála LG agus go gcuirtear san áireamh iad in Athbhreithniú leanúnach RO ar SRO agus ar Chuimsiú.

Moladh 7: Ag cinntiú cinnte eolacha ar dhaltaí LG

76. Ba chóir don RO comhoibriú ar cheisteanna LG SRO le ranna eile rialtais gus le soláthraithe seirbhíse a bhfuil tionchar acu ar cháilíocht foghlama daltaí LG agus a ndéanann a gcuid oibrithe cinnte nó a gcuireann a gcuid oibrithe le cinnte ar dhaltaí a bhfuil SRO acu, lena chinntiú go ndéantar na cinnte sin ar bhonn eolach. (4.8.14, 16, 19, 20, 22).

Moladh 8: Ag méadú acmhainne i seirbhísí tacaíochta

77. Ba chóir don RO comhoibriú leis an ÚOS agus iad a ghríosú le iniúchtaí a dhéanamh ar oilteacht sa Ghaeilge agus eolas ar an oideachas dátheangach i measc gach soláthraí seirbhíse SRO do shuímh LG. Ba chóir dóibh a chinntiú go mbíonn a gcuid seirbhísí oiriúnach don fheidhm agus ba chóir dóibh gníomhú lena chinntiú go mbíonn go leor acmhainneachta acu agus go mbíonn meas acu ar pháistí a theagasctar trí mheán na Gaeilge. (4.5.9, 20-23, 30).

Moladh 9: Leathadh an chleachtais is fearr thar chéimeanna san earnáil LG

78. Ba chóir don RO comhoibriú leis an ÚOS agus iad a ghríosú le FGL bunaithe ar thaighde, cur in iúl agus leathadh an chleachtais is fearr a bhaineann le SRO a shainaithint agus a thaifeadadh, nósanna imeachta atreoraithe agus measúnaithe, i measc eile, a éascú ag gach céim, trí C2K agus FTÉ, agus úsáid meán nua san áireamh. (4.2.9, 10, 15; 4.5; 4.9.13-15; 4.10.).

Moladh 10: Cinntí eolacha a chinntiú i measúnú daltaí SRO i suímh LG

79. Ba chóir don RO comhoibriú leis an ÚOS agus iad a ghríosú lena chinntiú go mbíonn cinnte a dhéantar ar dhaltaí LG a léiríonn SRO bunaithe ar eolas, ag baint úsáide as próifíl leathan measúnaithe, le cothromas freagartha a chinntiú idir an earnáil LG agus an earnáil LB. (4.2; 4.5; 4.3.15-16).

Moladh 11: SRO in Oideachas Múinteoirí agus in Oiliúint Cúntóirí Ranga

80. Ó thaobh beartais de, ba chóir don RO comhoibriú leis an RFF le IAOí a ghríosú le 'staidéir SRO ar chosáin LG' a fhorbairt a thuilleadh i gcláir OTM agus i luathfhorbairt ghairmiúil múinteoirí.

81. Ba chóir go bhforbrófaí cláir chreidiúnaithe forbartha do bhaill foirne coimhdeacha, a chuirfeadh ar a gcumas oibriú in éineacht le soláthraithe mar theiripeoirí urlabhra agus teanga agus shíceolaithe oideachais i suímh LG; agus do CRí leis an oiliúint riachtanach i gcúram leanaí, i SRO agus sa Ghaeilge a chur ar fáil dóibh. (4.6.6, 8,9; 4.3.39, 40, 49; 4.4.6-9, 19, 24-5; 4.10.16; 4.11.10, 11, 12; 4.3.33, 37, 50; 4.9.33, 35,49; 4.10.31)

ÁISEANNA GAIRMIÚLA

Moladh 12: Ag comhordú FGL múinteoirí LG le hinfhaighteacht áiseanna Gaeilge SRO

82. Ba chóir don ÚOS forbairt áiseanna gairmiúla Gaeilge i gcomhair LFG agus FGL do mhúinteoirí LG a chomhordú agus a éascú. Ba chóir don ÚOS a chinntiú go mbíonn sé ar chumas soláthraithe, trí mhaoiniú imfhálaithe,

áiseanna tacaíochta SRO i nGaeilge atá oiriúnach don fheidhm a chur in oiriúint agus a chruthú. (4.11.9, 20, 23, 24-5, 27)

Moladh 13: Ag soláthar uirlisí measúnaithe Gaeilge

83. Ba chóir don RO soláthraithe áiseanna a ghríosú le ábhair mheasúnaithe atá in úsáid faoi láthair i scoileanna LG a bhailiú, a mheas agus a scaipeadh agus ba chóir dóibh taighde a choimisiúnú ar: uirlisí caighdeánaithe measúnaithe agus diagnóiseacha ar litearthacht Ghaeilge a tháirgeadh, ar bhonn uile-oileáin b'fhéidir, le riar do riachtanais daltaí. Ina measc siúd, ba chóir go mbeadh:

a. áiseanna curaclaim, lena n-áirítear tuilleadh forbartha ar scéim chéimnithe léitheoireachta agus scéim litrithe i nGaeilge;

b. áiseanna speisialaithe SRO le tacú le daltaí a bhfuil NSU, NSMI, NHEA orthu nó a bhfuil páirtradharc acu, áiseanna TUT; agus

c. uirlisí litearthachta agus uimhearthachta le Gaeilge agus litearthach a mheasúnú. (4.11.10,32; 4.3.5, 49; 4.2.7-18; 4.3.20, 25)

Moladh 14: Ábhair thacaíochta a chruthú do scoileanna LG

84. Ba chóir do sholáthraithe áiseanna a chinntiú go riarann siad do riachtanais na hearnála LG, lena n-áirítear soláthar áiseanna SRO. (4.11.1, 10, 20, 23, 27, 31-, 34)

MODHEOLAÍOCHT

85. Rinneadh an taighde thar thréimhse dhá bhliain ó Mheán Fómhair 2006 go Meán Fómhair 2008 agus bailíodh sonraí i scoileanna LG agus i ngníomhaireachtaí eile ó Eanáir 2007 go Bealtaine 2008. Rinneadh bailiú na sonraí i ndá chéim. Bhain an chéad chéim le comhlánú ceistneora chainníochtúil i ngach suíomh LG réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile i dtuaisceart na hÉireann. Dhírigh an dara céim bailithe sonraí ar shonraí cáilíochtúla a bhailiú.

86. Chomhlánaigh foireann réamhscoile, múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, CRí, agus tuismitheoirí LG i ngrúpa samplach suíomh LG

ceistneoirí cáilíochtúla. Chomhlánaigh síceolaithe oideachais iad chomh maith.

87. Rinneadh 27 agallaimh struchtúrtha san iomlán le hionadaithe ó na BOLí, le gníomhaireachtaí gaolmhara don earnáil LG, agus le hionadaithe suíomh LG, agus rinneadh 8 n-agallamh leathstruchtúrtha le múinteoirí SRO agus COSROnna, agus le hionadaithe na hearnála réamhscoile LG.

88. D'eagraigh an fhoireann taighde sraith 4 ghrupa fócais agus bhí deis fosta acu labhairt le cleachtóirí LG agus taifead a dhéanamh dá dtuairimí ag dhá sheisiún cnuasghrúpa a d'eagraigh SCTC LG mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí LG, agus ag seisiún oiliúna ar SRO do mhúinteoirí ón earnáil LG.

89. Scríobhadh cás-staidéir le sonraí a sholáthair tuismitheoirí dhaltaí a bhfuil SRO acu a thaifeadadh, agus le samplaí de chleachtas maith i gcúig suíomh LG a thaifeadadh.

90. Bunaíodh Grúpa Comhairleach d'ionadaithe ó na IAOí, ó sheirbhísí TUT, ó na BOLí, ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus ó eagraíochtaí ón earnáil deonach. Ghlac sé air féin tacú leis an taighdeoir agus comhairle a thabhairt dó ar gach gné de dhearadh, fheidhmiú agus scríobh an tionscadail taighde, chomh maith le sainchomhairle a sholáthar ar cheisteanna a bhaineann leis an earnáil LG agus ar sheirbhísí tacaíochta a bhaineann le hoideachas agus sláinte. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha chomh maith agus comhaltaí air ó réimsí ábhartha beartais agus taighde taobh istigh den RO agus den Chigireacht Oideachais agus Oiliúna. Ba iad a phríomhróil monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail taighde agus é a mheas, agus comhairle a thabhairt don taighdeoir ar cheisteanna a bhaineann le beartas oideachais, chomh maith le ról eagarthóireachta ar an tuarascáil chríochnaithe taighde a chomhlíonadh.

AN TIONSCADAL TAIGHDE

91. Ba é POBAL, scátheagras phobal na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann, a rinne an tionscadal taighde don Roinn Oideachais. Ba é £130,199 costas iomlán an tionscadail.

AN TUARASCÁIL IOMLÁN

92. Tá an tuarascáil iomlán taighde dar teideal ‘Sainriachtanais Oideachais Páistí Dátheangacha (Gaeilge – Béarla) idir 3 bliana agus 16 bliana’ ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag *http://www.deni.gov.uk*

GIORRÚCHÁIN

BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BOL	Bord Oideachais agus Leabharlainne
CORSO	Comhordaitheoir um Riachtanais Speisialta Oideachais
CR	Cúntóir Ranga
CRRSO	Cúntóir Ranga um Shainriachtanais Oideachais
FTÉ	Foghlaim Tuaisceart Éireann
FBS	Foireann Bainistíochta Sinsearaí
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IAO	Institiúid Ardoideachais
LB	Lan-Bhéarla
LG	Lán-Ghaeilge
LFG	Luathfhorbairt Ghairmiúil
NHEA	Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde
NSMI	Neamhord Sóisialta, Mothúchánach agus Iompraíochta
NSU	Neamhord Speictrim Uathaigh
OTM	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
ORSOM	Ordú um Shainriachtanais Oideachais agus um Mhíchumas
PO	Plean Oideachais
POA	Plean Oideachais Aonair
SRO	Sainriachtanais Oideachais
RFF	An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
RO	An Roinn Oideachais
SCTC	An tSeirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta don Churaclam
TEC	Teicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide
TUT	Teiripe Urlabhra agus Teanga
ÚOS	An tÚdarás Oideachais agus Scileanna
UTC	Urlabhra, Teanga agus Cumarsáid

ACHOIMRÍ TAIGHDE ÓN ROINN OIDEACHAIS (Ó 2000 GO DTÍ ANOIS)

Three years later: a follow-up survey of teachers who qualified in 1995	RB 1/2000
Immersion education: a literature review	RB 2/2000
From pre school to school: a review of the research literature	RB 3/2000
The effects of the selective system of secondary education in Northern Ireland	RB 4/2000
Department of Education funded research 2000/01	RB 1/2001
Assessment of the effectiveness of the Youth Service Community Relations Support Scheme (YSCRSS) during 1998/1999 and 1999/2000, in relation to the needs of youth and community groups	RB 2/2001
An investigation of the provision for health education in schools during 1998/99	RB 3/2001
Careers provision in schools at Key Stages 3 and 4	RB 1/2002
Evaluation of Raising School Standards Initiative (RSSI) using Value Added measures of school performance	RB 2/2002
Literature review: effectiveness of different forms of interventions in the schools and youth sectors	RB 3/2002
Outcomes for pupils who received an Irish-Medium education	RB 4/2002
Torthaí daltaí a fuair Gaeloideachas	RB 4/2002
Multiply suspended pupils: their educational career and support projects available to them	RB 5/2002
Reducing the bureaucratic burden on schools	RB 6/2002
Developing linguistic accuracy in Irish Medium primary schools	RB 7/2002
Ag forbairt cruinneas teanga i scoileanna Lán-Ghaeilge	RB 7/2002

Bullying in schools: a Northern Ireland study	RB 8/2002
Community use of schools: an international literature review	RB 1/2003
Department of Education Funded Research 2002/03	RB 2/2003
A Study of Careers Education and Guidance	RB 1/2004
Out of School Hours Learning Provision and School Improvement in Northern Ireland	RB 2/2004
The Professional Development of Teachers and Principals in Irish Medium Education	RB 3/2004
Forbairt Ghairmiúil Múinteoirí agus Príomhoidí sa Ghaeloideachas	RB 3/2004
Traveller children's experiences in mainstream post-primary schools in Northern Ireland: a qualitative study	RB 1/2005
The nature of Youth Work in Northern Ireland: purpose, contribution and challenges	RB 2/2005
Parental attitudes to the statutory assessment and statementing procedures on Special Educational Needs	RB 3/2005
A study into current practice and potential models for the effective teaching of Personal Development at Key Stage 3 in Northern Ireland curriculum	RB 4/2005
Language Development Programmes – coverage and effectiveness of provision in Northern Ireland (0-36 months)	RB 1/2006
Attitudes of the Socially Disadvantaged towards Education in Northern Ireland	RB 2/2006
Effective Pre-school Provision in Northern Ireland (EPPNI)	RB 3/2006
The Development of Inclusive Schools in Northern Ireland: A Model of Best Practice	RB 4/2006
Department of Education Funded Research 2005/06	RB 5/2006

The recruitment and retention of teachers in post-primary schools in Northern Ireland	RB 6/2006
An evaluation of the need and early intervention support for children (aged 2-4 years) with an Autistic Spectrum Disorder in Northern Ireland	RB 1/2007
Alternative Education Provision (AEP) in Northern Ireland	RB 2/2007
The Nature and Extent of Bullying in Schools in the North of Ireland	RB 3/2007
Department of Education Funded Research 2006/07	RB 4/2007
An Investigation of Youth Work, as a process of informal learning, in formal settings	RB 1/2008
E-consultation with Pupils – a Pilot Study	RB 2/2008
Good practice in literacy and numeracy in British and Irish cities	RB 3/2008
Department of Education Funded Research 2008/09	RB 1/2009

CUSPÓIR ACHOIMRÍ TAIGHDE NA ROINNE OIDEACHAIS

Is luachmhar leis an Roinn Oideachais (RO) scaipeadh leitheadach torthaí taighde lena chinntiú go mbíonn uastionchar ag taighde ar bheartas agus ar chleachtas san oideachas. Ceaptar Achoimrí Taighde RO le rochtain tarraingteach, suimiúil, éasca a sholáthar ar chinnte taighde do lucht déanta beartas, do thaighdeoirí, do mhúinteoirí, do léachtóirí, d'fhostóirí agus don phobal le díospóireacht eolach ar cheisteanna oideachais a éascú. Ní féidir le taighde cinnte a dhéanamh do lucht déanta beartas ná do dhaoine eile a bhfuil feabhsú chaighdeán an oideachais ar a n-aird. Ní féidir leis ach oiread, uaidh féin, athrú a chur i bhfeidhm. Ach is féidir leis bonn níos fearr a chruthú i gcomhair cinnte, trí eolas agus míniú ar chleachtas oideachais a sholáthar agus trí dhúshlán smaointe agus toimhdithe a thabhairt.

Is féidir teacht ar réimse iomlán Achoimrí Taighde RO ar láithreán gréasáin RO – *www.deni.gov.uk/index/32-statisticsand research_pg.htm*

Is ceadaithe Achoimrí Taighde RO a fhótachóipeáil agus a úsáid taobh istigh de d'institiúid féin.

Má bhíonn aon deacracht agat teacht ar Thaighde RO ar láithreán gréasáin RO, déan teagmháil linn, le do thoil, ag:

An Brainse Staitisticí agus Taighde
An Foirgneamh Nua
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
Bóthar Balloo
BEANNCHAR
Co. an Dúin
BT19 7PR

Teileafón: 028 9127 9401
Facs: 028 9127 9594
rphost: *statistics@deni.gov.uk*

Arna chur in eagar agus arna tháirgeadh ag an Bhrainse Staitisticí agus Taighde An Roinn Oideachais